Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 2 Meitheamh 2021
(OR. en)

9423/21

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0199 (COD)**

**COH 10**
**CADREFIN 275**
**CODEC 818**

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 1 Meitheamh 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 289 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir leis an seasamh ón gComhairle i dtaca le glacadh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le forálacha sonracha le haghaidh sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh (Interreg) a fhaigheann tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus ionstraimí maoinithe sheachtraigh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 289 final.

---

Faoi iamh: COM(2021) 289 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 1.6.2021
COM(2021) 289 final

2018/0199 (COD)

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN
CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA**

**de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh**

**maidir leis an**

**seasamh ón gComhairle i dtaca le glacadh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le forálacha sonracha le haghaidh sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh (Interreg) a fhaigheann tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus ionstraimí maoinithe sheachtraigh**

GA GA

2018/0199 (COD)

# TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA

**de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh**

**maidir leis an**

**seasamh ón gComhairle i dtaca le glacadh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le forálacha sonracha le haghaidh sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh (Interreg) a fhaigheann tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus ionstraimí maoinithe sheachtraigh**

## 1. CÚLRA

| | |
|---|---|
| An dáta a tíolacadh an togra chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle<br>(doiciméad COM(2018) 374 final – 2018/0199/(COD)): | An 29 Bealtaine 2018 |
| Dáta na tuairime ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa: | An 19 Meán Fómhair 2018 |
| Dáta an tseasaimh ó Pharlaimint na hEorpa, an chéad léamh: | An 26 Márta 2019 |
| Dáta an chruinnithe thríthaobhaigh (comhaontú maidir leis an téacs deiridh) | An 2 Nollaig 2020 |
| An dáta a glacadh an seasamh ón gComhairle, an chéad léamh: | An 27 Bealtaine 2021 |

## 2. CUSPÓIR AN TOGRA ÓN gCOIMISIÚN

Is é is aidhm don Rialachán maidir le Interreg forálacha sonracha a shocrú lena rialófar an comhar críochach Eorpach, ar forálacha iad a shonróidh agus a chomhlánóidh na forálacha atá i Rialachán (AE) 2021/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais do bhainistiú teorann agus do víosaí – (CPR), lena rialaítear córas seachadta agus cur chun feidhme Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE).

Dírítear go príomha ann ar shaincheisteanna maidir le cur chun feidhme agus comhar, go háirithe:

- sainmhíniú agus cumhdach geografach na sraitheanna éagsúla comhair (comhar trasteorann, comhar trasnáisiúnta, comhar idir-réigiúnach agus comhar i gcás na réigiún is forimeallaí);
- sainmhíniú rialacha sonracha maidir le díriú téamach;

- bunú cuspóirí agus raon feidhme a bhaineann go sonrach le Interreg;
- oiriúnú ar na rialacha CPR sa Rialachán maidir le clársceidealú, údaráis na gclár, bainistíocht agus bainistíocht rialaithe agus airgeadais; agus
- comhtháthú ionstraimí maoinithe sheachtraigh an Aontais.

Urramaítear sa chomhaontú sealadach ollstructúr Interreg, arna roinnt ina cheithre shraith, lena n-áirítear sraith nua atá tiomnaithe do chomhar i gcás na Réigiún is Forimeallaí san Aontas. Deimhnítear ann freisin an leithdháileadh foriomlán airgeadais agus an chothromaíocht idir na sraitheanna, lena gcuirtear ar chumas na hionstraime a cuspóirí a bhaint amach. Áirítear ann freisin roinnt forálacha simplithe, atá ag teacht leis an togra ón gCoimisiún, maidir le cistí do thionscadail bheaga (Airteagal 25), cúnamh teicniúil (Airteagal 27), úsáid roghanna costas simplithe (Airteagal 53 CPR) nó sásraí iniúchóireachta agus fíoraithe (Caibidil VI).

Baineann an dá phríomh-mhodhnú a chomhaontaigh na comhreachtóirí leis an gcomhar muirí, a cuireadh ar bun arís faoin gcomhar trasteorann, agus leis an maolú ar na ceanglais maidir le díriú téamach i gcás cuspóirí a bhaineann go sonrach le Interreg. Ní bhaineann siad, áfach, d'inniúlacht na ngeallsealbhóirí tabhairt faoin gcomhar muirí ar bhealach cuíchóirithe, ná den fhéidearthacht tacú le gníomhaíochtaí tábhachtacha fothaithe acmhainneachta faoin gcuspóir "rialachas comhair níos fearr".

Coimeádtar coincheap na n-infheistíochtaí nuálaíochta idir-réigiúnacha ach aistrítear é chuig an Rialachán maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa/an Ciste Comhtháthaithe (CFRE/CC), agus tá laghdú ar an leithdháileadh.

## 3. TRÁCHTANNA MAIDIR LEIS AN SEASAMH ÓN gCOMHAIRLE

Léirítear go hiomlán leis an seasamh ón gComhairle an comhaontú ar thángthas air sna cruinnithe tríthaobhacha. I gcomparáid leis an togra ón gCoimisiún, áirítear an méid seo a leanas ar na hathruithe is mó tábhacht a tugadh isteach:

- Leasaíodh an t-ollstruchtúr, ach coimeádadh comhar trasteorann muirí faoi shraith A (comhar trasteorann);
- Tugadh ar ais na cláir "Urbact" agus "Interreg na hEorpa" faoin tsraith maidir le comhar idir-réigiúnach;
- Deimhníodh gurb ann don díriú téamach, faoi Airteagal 15(1), i dtrí chuspóir beartais, lena n-áirítear cuspóir beartais 2 (Eoraip níos glaise agus ar bheagán carbóin), agus cuirtear oibleagáid bhreise ann cuspóir beartais 4 a áireamh (Eoraip níos sóisialta) i gcás teorainneacha inmheánacha talún. Ar an lámh eile, rinneadh athruithe ar na ceanglais maidir le díriú téamach i dtaca leis na cuspóirí seo a leanas a bhaineann go sonrach le Interreg: "rialachas comhair níos fearr" agus "Eoraip níos sábháilte agus níos sláine". Anois is ceanglais roghnacha iad, agus baineann na huasteorainneacha 20 % agus 5 % faoi seach leo i dtaca le leithdháiltí ón gclár. I gcás an chomhair thrasnáisiúnta, rinneadh an t-ailíniú le tosaíochtaí na straitéisí macrairéigiúnacha agus imchuacha a choigeartú go 80 %;
- Tugadh isteach an oibleagáid tacaíocht a thabhairt do thionscadail a bhfuil méid teoranta airgeadais acu, lena n-áirítear trí chistí do thionscadail bheaga, d'fhonn tacaíocht a chothú do ghníomhaíochtaí duine le duine agus do thionscadail bheaga;

- Aistríodh na hInfheistíochtaí Nuálaíochta Idir-réigiúnacha chuig an Rialachán maidir le CFRE/CC, agus laghdaíodh an leithdháileadh ach ag an am céanna, coimeádadh agus rinneadh soiléiriú ann ar na cuspóirí agus na sásraí atá molta ag an gCoimisiún;
- Coigeartaíodh na rátaí réamh-mhaoinithe agus cómhaoinithe, is é sin ardaíodh iad beagán, de bhun an CPR. Sonraíodh rátaí réamh-mhaoinithe agus cómhaoinithe, mar aon leis an ráta tacaíochta faoi chomhar teicniúil, le haghaidh cláir sheachtracha freisin, lena n-áirítear tacaíocht ón Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA), ón Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (NDICI) agus ón gCinneadh maidir le Comhlachas Thar Lear (OAD);
- Deimhníodh na hacmhainní airgeadais, lena n-áirítear sraitheanna A agus D a neartú mar a shonraítear thuas, agus roinneadh an leithdháileadh mar seo a leanas:
    - EUR 5 813 milliún le haghaidh comhar trasteorann
    - EUR 1 466 milliún le haghaidh comhar trasnáisiúnta
    - EUR 490 milliún le haghaidh comhar idir-réigiúnach
    - EUR 281 milliún le haghaidh na réigiún is forimeallaí.

Ar an iomlán, cé nach raibh an Coimisiún in ann an Chomhairle a thabhairt leis maidir lena mhol sé faoi dhíriú téamach ceangailteach i gcás cuspóirí a bhaineann go sonrach le Interreg ná maidir leis an gcomhar muirí a chuíchóiriú ar fud an chomhair thrasnáisiúnta, urramaítear struchtúr an togra agus na príomhshásraí cur chun feidhme ann. Go sonrach, fágann an comhaontú gur féidir leanúint den chlár PEACE PLUS chun tacú leis an tsíocháin agus leis an athmhuintearas idir contaetha na teorann in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann, deimhnítear ann an tsraith nua maidir le comhar i gcás na Réigiún is Forimeallaí agus deimhnítear tabhairt isteach an chomhair ag teorainneacha seachtracha, lena n-áirítear forálacha saincheaptha i dtaca leis na pointí sin.

Dá bhrí sin, leis na modhnuithe a glacadh cosnaítear ollstruchtúr an togra ón gCoimisiún, acmhainní an togra agus cumas an togra na cuspóirí comhair atá á saothrú leis an ionstraim a bhaint amach.

## 4. CONCLÚID

Tacaíonn an Coimisiún le torthaí na caibidlíochta idirinstitiúidí agus, dá bhrí sin, glacann sé leis an seasamh ón gComhairle.